2006

COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



CLÁR

2006

TEACHTAIREACHT Ó MHÉARA CHONTAE NA GAILLIMHE 02
RÉAMHRÁ ÓN MBAINISTEOIR CONTAE 03
RÁITEAS MISEAN NA COMHAIRLE 04
BAILL CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 05
EOLAS GINEARÁLTA 08
FORBAIRT CHOTHROM INBHUANAITHE A THABHAIRT I GCRÍCH 10
CAOMHNÚ AGUS FEABHSÚ AN CHOMHSHAOIL 14
POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT 15
CUR OIREAD AGUS IS FÉIDIR LE HUILECHUIMSITHEACHT SHÓISIALTA AGUS RIALACHAS ÁITIÚIL 21
TREISIÚ LE FORBAIRT CHULTÚIR 24
COMHAIRLEOIRÍ AINMNITHE AR CHOISTÍ & EAGRAÍOCHTAÍ 25
COMHDHÁIL GUR FHREASTAL NA BAILL ORTHU 27
COISTÍ POLASAÍ STRAITÉISEACHA 30
PRÍOMH OIFIGIGH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 31
OIFIGÍ CHOMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE & ÚDARÁIS ÁITIÚLA EILE SA GCONTAE 33

02

TEACHTAIREACHT Ó MHÉARA CHONTAE NA GAILLIMHE

Cúis mhór áthais domsa, Méara Chontae na Gaillimhe, an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2006 a chur i láthair thar ceann Údaráis Áitiúla na Gaillimhe.

Leagtar amach go mion sa tuarascáil an soláthar a rinneadh mar gheall ar thionscadail éagsúla infrastruchtúir i rith na bliana 2006. Choinnigh an Chomhairle ag dul chun cinn maidir le gné na Mórbhealach Idiruirbeach den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000 a thabhairt i gcrích trí Oifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta, tugadh cúnamh leanúnach do na pobail éagsúla i rith na bliana 2006 le córas leathanbhanda snáthoptaice MANS a leagan amach agus an obair thógála a dhéanamh i mBaile Átha an Rí, i mBéal Átha na Sluaighe, ar an gClochán, sa Ghort agus i mBaile Locha Riach, leanadh de scéimeanna soláthair uisce agus séarachais a chur ar fáil, ceadaíodh cúnamh maidir le hionaid nua spraoi i nGleann na Madadh, ar an gCnoc Breac, sa Ghort, ar an gClochán agus i mBaile Chláir na Gaillimhe agus cuireadh tús leis an obair ar thionscadail tithíochta éagsúla i rith na bliana chomh maith le críoch a chur leis an obair ar thionscadail go leor eile. Leanadh den obair ar na gnáthsheirbhísí chomh maith agus tá méadú i gcónaí ar an éileamh orthu sin.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le Bainisteoir an Chontae, leis an Meitheal Bainistíochta agus leis an bhfoireann ar fad as ucht na hoibre a dhéanann siad chomh maith sin ó lá go lá ar mhaithe le dul chun cinn an chontae. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh le mo chuid comhghleacaithe ar an gComhairle as a gcuid cúnaimh agus a gcuid comhoibre i rith na bliana a chaith mé i mo Mhéara.

Michael Mullins
Méara Chontae na Gaillimhe

RÉAMHRÁ ÓN MBAINISTEOIR CONTAE

Is mór an chúis áthais dom, i mo Bhainisteoir Contae dom, Tuarascáil Bhliantúil seo Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an mbliain 2006 a chur i láthair in éineacht leis an Méara, an Comhairleoir Michael Mullins. Tuairiscítear an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana 2006 maidir leis na seirbhísí a chuireann an Chomhairle, na comhaltaí tofa, an fhoireann agus na ranna éagsúla oibre ar fáil, sa Tuarascáil seo chomh maith le beartaíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe i rith na bliana sin a leagan amach ann.

Tá dlús agus stiúir faoin obair sin ar feadh ré na Comhairle reatha de bharr an Phlean Corparáide d'Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe. Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair le grúpaí deonacha agus pobail agus le comhlachtaí poiblí eile chun na cuspóirí a thabhairt i gcrích. Baineann sin chomh maith céanna leis na Comhairlí Baile i mBéal Átha na Sluaighe, i dTuaim agus i mBaile Locha Riach.

Ba mhaith liom a ndúthracht agus a gcuid díograise i mbun obair na Comhairle maidir le forbairt agus cur chun cinn an Chontae a thréaslú leis an Méara, an Comhairleoir Michael Mullins, agus le Comhaltaí uile na Comhairle agus gairdeas a dhéanamh leo as toradh na hoibre. Gabhaim buíochas freisin leis na Cathaoirligh agus le Comhaltaí Choistí Polasaí Straitéise na Comhairle as ucht a gcuid oibre ag ceapadh na bpolasaithe a chuidíonn le feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí na Comhairle. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh le foireann uile Údarás Áitiúil Chontae na Gaillimhe, faoi dhíon agus faoin spéir, as ucht na cabhrach agus an chúnaimh uilig i rith na bliana 2006 chun seirbhísí na Comhairle a thabhairt chun cinn.

Pat Gallagher
Bainisteoir Contae

04

RÁITEAS MISEAN NA COMHAIRLE

"CHUN SEIRBHÍSÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL CUIMSITHEACH A SHOLÁTHAR DO CHONTAE NA GAILLIMHE TRÍ CHINNIREACHT CATHARTHA ÉIFEACHTACH AGUS IONADAÍOCHT DAONLATHACH"



BAILL CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

TOGHCHEANTAR BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

1

2

3

4

5

AINM	SEOLADH	TEIL	FÓN PÓCA
1: AN COMH. MICHAEL MULLINS	An Chliathach Mhór, B'Átha na Sluaighe	(090) 964 2582	087 260 7405
2: AN COMH. TOMÁS MANNION	An Chealtrach, B'Átha na Sluaighe	(090) 967 8212	087 678 7490
3: AN COMH. SÉAMAS SEOIGHE	Baile nua Shlí Amhdála, B'Átha na Sluaighge	(090) 968 5628	087 959 1904
4: AN COMH. DERMOT CONNOLLY	Glennavaddogue, Eachroim, B'Átha na Sluaighe	(090) 964 2986	086 088 6160
5: AN COMH. JOE TIERNEY	Ballydonagh, Cill Tormair, B'Átha na Sluaighe	–	086 857 5249

TOGHCHEANTAR CHONAMARA

1

2

3


4

5

6

7

AINM	SEOLADH	TEIL	FÓN PÓCA
1: AN COMH. SÉAMUS WALSH	An Gleann, Uachtar Ard	(091) 552726	087 968 4264
2: AN COMH. SEÁN Ó TUAIRISG	Aille Thiar, Indreabhán, Conamara	(091) 593084	086 386 4179
3: COMH. SEOSAMH O'CUAIG	Aill na Brún, Cill Chiaráin,	(095) 33428	087 219 4247
4: AN. COMH. CONNIE NÍ FHATHARTA	Cladhnach, An Cheathrú Rua	(091) 572140	087 231 1522
5: AN COMH. JOSIE CONNEELY	Apt. 4, J. Conneely's, Market Street, Clifden	(095) 22142	087 952 8808
6: AN COMH. THOMAS WELBY	Cregg, Uachtar Ard	(091) 552959	087 285 5676
7: AN COMH. SEÁN KYNE	Claidheach, Maigh Cuilinn	(091) 555174	087 613 7372

06

TOGHCHEANTAR BHAILE LOCHA RIACH

1

2

3

4

5

6

7

AINM	SEOLADH	TEIL	FÓN PÓCA
1: AN COMH. MICHAEL FAHY	An Chathair Dhubh, Ard Raithin	(091) 635177	087 245 6000
2: AN COMH. PAT HYNES	Bóthar Ghoirt, Baile Locha Riach	(091) 842399	087 240 4404
3: AN COMH. BRIDIE WILLERS	Grannagh, Ard Raithin	(091) 635425	086 084 7270
4: AN COMH. WILLIE BURKE	Br. Naomh Breandáin, Port Omna	(090) 974 1332	087 268 6166
5: AN COMH. PETER FEENEY	Baile Dháibhéid, Baile Átha an Rí	(091) 844735	087 681 2403
6: AN COMH. CIARAN CANNON	Carrabane, Baile Átha an Rí	(091) 847668	087 918 7527
7: AN COMH. MICHEAL REGAN	Baile na Cille, Baile Locha Riach	(091) 847200	087 254 7524

TOGHCHEANTAR ÓRÁN MÓR

1

2

3

4

AINM	SEOLADH	TEIL	FÓN PÓCA
1: AN COMH. MARY HOADE	Cathair na hAoine, Áth Cinn	(093) 35763	087 225 5979
2: AN COMH. JARLATH MC DONAGH	"Teach Shligigh", An Turloch Mhór	(091) 841411	087 234 6012
3: AN COMH. JIM CUDDY	Lydican, An Charn Mór, Órán Mór	(091) 798136	087 636 0242
4: AN COMH. FIDELMA HEALY EAMES	Bóthar Átha Cliath, Órán Mór	(091) 792017	087 677 6937

TOGHCHEANTAR THUAMA

AINM	SEOLADH	TEIL	FÓN PÓCA
1: AN COMH. SINÉAD CONNAUGHTON	An Creagán, Béal Átha na Sluaighe	(090) 967 9249	086 857 7624
2: AN COMH. COLM KEAVENEY	Kilcreevanty, Tuaim	(093) 60586	087 677 6812
3: AN COMH TIERNAN WALSH	Ard Aoibhinn, Baile Liam	(094) 965 9046	086 851 4674
4: AN COMH TOM MC HUGH	Cill Chlocháin, Tuaim	(093) 28486	086 257 4192
5: AN COMH. MICHAEL CONNOLLY	Maigh Locha Mhór, Maigh Locha	(090) 967 9465	087 682 9049
6: AN COMH. SEAN CANNEY	Claretuam, Tuaim	(093) 55367	–
7: AN COMH. TOM REILLY	20, Cúirt na Tíonóide, Tuaim	(093) 28978	086 362 7889

08

EOLAS GINEARÁLTA

EOLAS GINEARÁLTA

Tá cúram ceantar riaracháin Chontae na Gaillimhe ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, seachas Cathair na Gaillimhe agus Ceantar Uirbeach Bhéal Átha na Sluaighe. Tá cúraimí pleanála, dearthaagus tógála bonneagair tábhachtacha ar nós bóithre, scéimeanna uisce, áiseanna draenála, chomh maith le seirbhísí sóisialta nó leath shóisialta ar nós tithíocht, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reilgí ar an gComhairle. Is caomhnóir na timpeallachta í agus is chun leasa dul chun cinn an chontae atá polasaithe pleanála agus timpeallachta aici fhad is atá cosaint á dhéanamh ar atmaisféar agus carachtar uathúil an Chontae freisin. Tá dlúthbhaint ag an gComhairle le cúrsaí tionsclaíochta, gnó, sóisialta, ealaíona, oidhreachta agus cultúrtha an Chontae chomh maith.

De réir córas rialtas áitiúil na hEireann, a chuimsíonn ionadaíocht daonlathach agus riarachán poiblí araon, tá ról ionadaíochta agus ról reáchtála ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus í ag feidhmiú mar údarás áitiúil.

Cuirtear **ról ionadaíochta** Chomhairle Chontae na Gaillimhe i bhfeidhm trí bhaill tofa na Comhairle. Toghtar tríocha ball (Comhairleoirí) sna cúig toghcheantair áitiúla:-

- Béal Átha na Sluaighe: 5 bhall
- Conamara: 7 mball
- Baile Locha Riach: 7 mball
- Órán Mór: 4 bhall
- Tuaim: 7 mball

Toghtar na hionadaithe ar feadh tréimhse cúig bliana agus tionóladh toghcháin áitiúla i 2004. Is iad na hionadaithe a thoghann an Cathaoirleach le linn an chruinnithe bliantúil a tionóltar i mí Iúil chuile bhliain.

Is **feidhmeanna ar leith** a ghlaotar ar na feidhmeanna a chuireann na baill tofa i gcrích. Leagann siad seo síos an creatlach polasaí ina bhfeidhmíonn an Bainisteoir Contae.

Ina measc tá:
- Glacadh leis an mBuiséad Bhliantúil
- An Plean Forbartha Chontae a dhéanamh nó a athrú
- Glacadh le Scéim Ligean de réir tosaíochta do thithíocht údaráis áitiúil
- Fodhlíthe a dhéanamh, a leasú, nó a athghairm
- Iasachtaí airgid a cheadú
- Bóithre a fhógairt mar bhóithre poiblí.

Déanann an Chomhairle cinnidh i bhfoirm rúin le linn cruinnithe.

Tá **ról reáchtála** na Comhairle Contae faoi chúram an Bhainisteora Contae agus a fhoireann. Is iad a dhéanann an Comhairle Contae a riar ó lá go lá. Tá **feidhmeanna feidhmeannaigh** ag an mBainisteoir Contae. Is i bhfoirm "Ordaithe Bainisteora" scríofa a dhéanann sé iad. Ina measc tá
- Tithe a ligean
- Cead pleanála a bhronnadh nó a dhiúltú
- Ceapacháin foirne srl

Caithfidh an Bainisteoir Contae, i ndéanamh a chinnithe, a theacht leis an bpolasaí a rinne na hionadaithe tofa i gcónaí agus ag an am céanna a bheith a comhairliú do na baill maidir le feidhmiú a bhfeidhmeanna ar leith.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA ÚDARÁIS ÁITIÚLA CHONTAE NA GAILLIMHE

De réir an Acht Rialtais Áitiúil 2001, ceann de phríomh aidhmeanna údarás áitiúil ná fóram a sholáthar d'ionadaíocht dhaonlathach an phobal áitiúil agus ceannasaíocht cathartha a sholáthar don phobal. Chomh maith leis sin, tá cúram ar an údarás áitiúil do sholáthar réimse seirbhísí agus feidhmeanna rialaithe agus feidhmithe.

Cuireann tríocha ionadaithe tofa creatlach polasaí i bhfeidhm do ghníomhú na Foirne Bainistithe. Cruthaíonn agus aontaíonn Grúpa Polasaí Corparáideach agus cúig choiste polasaí straitéiseach na polasaithe. Tá comhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha/earnálacha ar na CPS a athbhreithníonn agus a chruthaíonn polasaí thar réimse d'fheidhmeanna de chuid na Comhairle. Feidhmíonn Foireann Bhainistithe lena n-áirítear Stiúrthóirí Seirbhísí agus Bainisteoir Contae le cumas na bhfeidhmeannach.

GRÚPA POLASAÍ CORPARÁIDEACH (GPC)

Ar an nGrúpa Polasaí Corparáideach tá an Méara, Cathaoirligh na gCoistí um Pholasaí Straitéiseach le tacaíocht ón mBainisteoir Contae. Nascann an GPC obair na gCPS difriúla agus cruthaíonn siad fóram áit a aontaítear stádas polasaí bainteach leis an gcomhairle iomlán chun cur faoi bhráid na Comhairle iomláine. Tugann an CPG cabhair agus comhairle don Chomhairle agus cuireann ionchur ar fáil maidir le ceisteanna ginearálta. Tá ról acu freisin monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an údaráis áitiúil.



COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH (CPS)

Cuireann an struchtúr CPS creatlach ar fáil do na hionadaithe tofa agus deis chun a ról a chomhlíonadh mar chruthaitheoirí polasaí iomlán agus chomh maith leis sin cuireann deiseanna ar fáil le haghaidh páirtíochtaí le spéiseanna áitiúla agus ionadaithe pobail. Cuireann an CPS fóram ar fáil cumas níos fearr agus feabhsaithe maidir le rannpháirtíocht i gcruthú, athbhreithniú agus luacháil polasaí le cúnamh spéiseanna earnálacha ábhartha agus le tacaíocht Stiúrthóir Seirbhísí a chur ar fáil. Tá cúig CPS bunaithe sa Chomhairle:

- Seirbhísí Tithíochta
- Bóithre agus Iompar
- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch
- Timpeallacht agus Seirbhísí Uisce
- Gnóthaí Corparáideacha agus Cultúrtha

COISTÍ CEANTAIR

Déanann Coiste Ceantair freastal ar gach toghcheantar sa Chontae ar a bhfuil ionadaithe tofa ón gceantar sin. Cuireann an struchtúr Coiste Ceantair ar chumas tomhais bunaithe ar cheantar/áitiúil maidir le seachadadh seirbhísí agus ceisteanna feidhmiúla áitiúla. Pléann an Coiste Ceantair le gnéithe bainteach le seachadadh feidhmiúil seirbhísí údaráis áitiúil.

GRÚPAÍ COMHAIRLITHE TOGHCHEANTAIR CHUIG BFC

Cuirfear moltaí i gcomhair le moltaí náisiúnta (Tuairisc Tascfhórsa um Chomhtháthú Rialtas Áitiúil agus Córais Fhorbartha Áitiúla) chun struchtúr Coiste Ceantair a leathnú chun ionadaithe ó Chomhairlí Baile agus Ceantair Uirbeacha a bheith san áireamh, chun cinn le linn tréimhse an Phlean Chorparáidigh. Bunófar na coistí ceantair leathnaithe seo, ar a tugtar Grúpaí Comhairlithe Toghcheantair chuig Bord Forbartha an Chontae (BFC), chun dul i ngleic le forbairt níos leithne pobail agus ceisteanna bainteacha.

COMHAIRLÍ BAILE

Feidhmíonn struchtúir pholasaí agus ionadaíochta Chomhairle Baile i mBéal Átha na Slua, i dTuaim agus i mBaile Locha Riach. Tá 9 ball ar gach Comhairle Baile. Cuireann Comhairlí Baile feidhmeanna tábhachtacha ionadaíochta i bhfeidhm agus cuireann tuairimí na gceantar cuí in iúl maidir le ceisteanna polasaí agus feidhmiúla. Tá Comhairle Bhaile Bhéal Átha na Slua mar an tríú údarás is mó baile sa tír i dtaobh tíreolaíochta de agus chomh maith leis sin cuireann siad seirbhísí riachtanacha cosúil le soilse poiblí, glanadh sráide, tithíocht shóisialach, smacht forbartha agus pleanáil fisiciúil ar fáil, tá an Chomhairle Bhaile rannpháirteach i réimse leathan de ghníomhaíochtaí eile mar shampla soláthar agus cothú áiseanna siamsaíochta agus acmhainní, trádáil ócáideach, Aonach an Fhómhair agus bailte slachtmhara.

10

FORBAIRT CHOTHROM INBHUANAITHE A THABHAIRT I GCRÍCH

AIDHM CHORPARÁIDE:
BREIS FORBARTHA A DHÉANAMH AR AN GCONTAE AR BHEALACH COTHROM TRÍD AN INFRASTRUCHTÚR RIACHTANACH A CHUR AR FÁIL CHOMH MAITH LE PLEANÁIL FHORÁSACH A DHÉANAMH LENA BHFREASTALAÍTEAR DO RIACHTANAIS LUCHT TIONSCLAÍOCHTA AGUS DO RIACHTANAIS NA BPOBAL.

PLEANÁIL D'FHORBAIRT INBHUANAITHE

Chomh maith leis na Pleananna Ceantair Áitiúla a tugadh chun cinn i rith na bliana 2006 a aontú, d'aontaigh an Chomhairle Plean Ceantair Áitiúil maidir leis an nGort, Órán Mór agus Uachtar Ard agus Plean Gníomhartha Ceantair maidir leis an Dún Mór i rith na bliana 2006. Tá Pleananna Ceantair Áitiúla á ndréachtadh chomh maith maidir le Droichead an Chláirín, Bearna, an Ghaeltacht (a dtagann an Cheathrú Rua agus an Spidéal faoina scáth) agus an Clochán, faoi réir ag aontú na Comhairle leo i rith na bliana 2007.

Cuireadh tús le Plean Gníomhartha Ceantair do Chnoc Maoil Dris chomh maith le Grúpa Stiúrtha a chur ar bun i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun Creat Pleanála agus staidéar coincheapa a ullmhú maidir le haon fhorbairt a tharlódh san am atá ag teacht in Ardán. Anuas air sin, tugadh ar aghaidh tograí chun Pleananna a thabhairt chun cinn mar gheall ar Abhanntrachtaí na Sionainne, Loch Deirg agus Abhainn na Suca. Tugadh na bearta Staidéir ar Ionaid Lonnaíochta chun críche agus tá 98 acu in iomláine ar fáil. Tá teacht ar na teorainneacha lonnaíochta ar Mapinfo agus ar Planreg ar www.galway.ie.

Cuireadh sé cinn d'athruithe i bhfeidhm ar an bPlean Forbartha Contae (2003-2009) i rith na bliana 2006 ar bhain scagadh Measúnaithe Straitéisigh Comhshaoil agus próisis scóipeála leo d'fhonn soláthar do:

- Straitéis Lonnaíochta Contae nuashonraithe a chur isteach
- Ráiteas faoi Stádas Thuama mar Bhaile Moil a chur isteach
- Conair Eacnamaíoch Straitéiseach a chur isteach
- Treoirlínte dearaidh maidir le tithe aonair faoin tuath a chur isteach
- Treoirlínte Pleanála Údarás Réigiúnach an Iarthair 2004-2016 a chur isteach
- Treoirlínte faoi Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe d'Údaráis Áitiúla a chur isteach

MÓRTHIONSCADAIL AR BHÓITHRE NÁISIÚNTA

Choinnigh an Chomhairle ag dul chun cinn maidir le gné na Mórbhealach Idiruirbeach den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006 a thabhairt i gcrích trí Oifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta. Rinneadh bainistíocht maidir leis na Mórbhealaigh Idiruirbeacha seo a leanas in Oifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta i rith na bliana 2006 agus chúitigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta iomlán na gcostas a bhain leis an gclár leis an gComhairle.

Uimhir an Bhóthair Náisiúnta	An Chuid den Bhealach	Cineál an Bhóthair
N6	Gaillimh go Béal Átha na Sluaighe	Débhealach
N6	Béal Átha na Sluaighe go Baile Átha Luain	Débhealach
N6	Seach-Chonair Amuigh Chathair na Gaillimhe	Débhealach
N18	Órán Mór go dtí an Gort	Débhealach
N18	An Gort go Croisín	Débhealach
N17	Órán Mór go Tuaim	Débhealach
N17	Seach-Chonair Thuama	Carrbhealach singil
N17	Baile an Mhuilinn go Teorainn an Chontae	Carrbhealach singil
N59	Seach-Chonair Mhaigh Cuilinn	Carrbhealach singil

Cheap an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an cuibhreannas ICON, lena mbaineann FCC Construction S.A., ITINERE INFRAESTRUCTURAS, agus PJ Hegarty mar Rogha Tairgeoir maidir leis an Scéim

Pháirtíochta Phoiblí Phríobháideach don N6 Gaillimh go Béal Átha na Sluaighe ar an 13 Nollaig 2006. Foilsíodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh agus an Ráiteas faoin Tionchar ar an gComhshaol maidir leis an N6 Seach-Chonair Amuigh Chathair na Gaillimhe i rith na Ceathrú Ráithe den bhliain 2006. D'aontaigh an Bord Pleanála leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh mar gheall ar an N17 Seach-Chonair Thuama ar an 28 Lúnasa 2006 tar éis Éisteacht Ó Bhéal an 25 Aibreán 2006.

Foilsíodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh agus an Ráiteas faoin Tionchar ar an gComhshaol maidir leis an N18 Órán Mór go dtí an Gort an 10 Lúnasa 2006. Reáchtáladh an Éisteacht Ó Bhéal maidir leis an N18 An Gort go dtí Croisín ón 25 Iúil go dtí an 31 Iúil 2006.

BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA

€28,722,604 an bundeontas a tugadh don Chomhairle maidir le Bóithre Neamhnáisiúnta.

B'éiginr dromchla 52 km de bhóithre réigiúnacha a chóiriú ar chostas €1,428,680 agus dromchla 206 km de bhóithre áitiúla a chóiriú ar chostas €3,430,504 mar gheall ar an Deontas Cothabhála Athchóirithe. B'fhéidir athchóiriú ar an dromchla agus atógáil ar an mbóthar i gcás 63 km de bhóithre réigiúnacha agus 193 km de bhóithre áitiúla ar chostas €11,060,972 mar gheall ar an Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe.

Chuir an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ciste dar luach €5,411,500 ar fáil faoi bheart na mBóithre Straitéiseacha chun cuidiú le hobair fheabhsúcháin ar na bóithre seo a leanas:

- LP 1311 Bóthar Seanadh Phéistín
- R340 Doire Inbhir – Cill Chiaráin
- R374 Baile na Cille
- An Fháirche - An Chloch Bhreac
- R345 An Fháirche - Cor na Móna
- R343 Casla – An Cheathrú Rua
- LP1320 Maigh Cuilinn- Leamhchoill
- R340 Droichead Flannery – Cill Chiaráin.
- R340 Idir Tigh Leavy agus Roisín na Mainiach

B'ionann agus €6,933,850 an tsuim a cuireadh ar fáil as acmhainní na Comhairle féin i rith na bliana 2006. Rinneadh an buiséad €3,421,850 maidir le Cothabháil Ghinearálta a leithdháileadh mar seo a leanas:

Cóiriú Ciumhaise	€342,185
Draenáil	€342,185
Comharthaí Nua nó Athnuachan	€342,185
Cothabháil Ghinearálta	€2,395,295

BAINISTIÚ TRÁCHTA

Ullmhaíodh plean bainistithe tráchta don Spidéal a ceadaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm. Tugadh faoi athbhreithniú ar Phlean Bainistithe Tráchta an Chlocháin i rith na bliana 2006 agus aontaíodh plean leasaithe lena mbaineann leathnú ar an gcóras íoca agus taispeáinte.

SCÉIMEANNA ATHNUACHANA UIRBEACHA & SCÉIMEANNA ATHNUACHANA BAILTE / SRÁIDBHAILTE

Ba le Comhairle Chontae na Gaillimhe a rinneadh an leithdháileadh ba mhó, díreach faoi bhun €1,500,000, i limistéar na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair maidir le hAthnuachan ar Bhailte agus Sráidbhailte sa bhliain 2006.

Ba iad seo a leanas na seacht mbailte agus sráidbhailte ar éirigh leo sa bhliain 2006: Béal Átha na Sluaighe, Áth Cinn, an Gort, an

12

Cloigeann agus an Cladach Dubh, an Spidéal, Baile Liam agus Gleann na Madadh. I measc na dtograí a cuireadh chun cinn, bhí feabhsúchán ar fhaiche bailte agus sráidbhailte, na bealaí isteach chuig bailte / an chuma ar an gcéad fhéachaint, cóiriú pictiúrtha ar shiúlóidí cois abhann agus feabhsúchán ar dhreach sráide. Tabharfar an obair dheireanach ar na tionscadail sin chun críche i rith na bliana 2007.

BORD FORBARTHA AN CHONTAE

Foilsíodh an tAthbhreithniú Eatramhach maidir le Straitéis Chontae na Gaillimhe agus na Cláir Gníomhartha 2006-2008 i mí Márta 2006 agus 65 beart tús áite á lua iontu. Chuir na gníomhaireachtaí feidhme tuairiscí ar an dul chun cinn maidir le Cláir Gníomhartha faoi leith i láthair uair sa ráithe ag cruinnithe de Bhord Forbartha an Chontae. Faoi mhí na Nollag 2006, bhí cur i láthair déanta mar gheall ar dhul chun cinn maidir le 44 de na 65 beart tús áite.

FORÁS EACNAMAÍOCH A CHOTHÚ

CONAIR EACNAMAÍOCH ÓRÁIN MHÓIR / BHAILE ÁTHA AN RÍ A FHORBAIRT

Ní mór breathnú ar an bpolasaí chun treisiú le forbairt eacnamaíoch an Chontae i gcomhthéacs na forbartha ag an IDA ar láithreáin mhórthábhachta tionsclaíochta in Órán Mór agus i mBaile Átha an Rí a mheastar a bheidh mar bhonn taca faoi thionsclaíocht déantúsaíochta, táirgíochta agus taighde agus forbartha ar mheánscála agus ar mhórscála ina bhfostófar suas le 5,000 fostaí taobh istigh de thréimhse deich mbliana. Beidh tograí maidir le Páirc Eolaíochta & Teicneolaíochta nua ar chaighdeán idirnáisiúnta a thabhairt chun cinn i rith na meántréimhse nó na fadtréimhse ag teacht leis na haidhmeanna i ndréacht-Straitéis Spáis Chontae na Gaillimhe agus sa chaoi agus go dtarraingeofaí aird le lárionad dá shórt ar réigiún an iarthair ar fad.

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Cuireadh dréacht de Straitéis Eacnamaíoch le chéile chomh maith le Cur Síos Eacnamaíoch ar Chontae na Gaillimhe ina dtugtar aitheantas d'fhorbairt chothrom eacnamaíoch sa Chontae agus lena réitítear an bealach dó sin. Luaitear sa dréachtstraitéis an gá atá le bearta sainroghnaithe a dhéanamh in iarthuaisceart, oirthuaisceart agus oirdheisceart an Chontae, sna ceantair Ghaeltachta agus ar na hOileáin. Cuireadh pacáiste margaíochta ar fáil ina bhfuil eolas lena gcuirtear na bailte is mó i gContae na Gaillimhe chun cinn. Anuas air sin, tar éis a fheabhas a d'éirigh leis an gcéad chlár dá leithéid a cuireadh i bhfeidhm, aontaíodh ar Chlár Gníomhartha Eacnamaíoch nua do Bhéal Átha na Sluaighe idir na fo-ghrúpaí RAPID AIT agus ghlac Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe leis.

CEANGAL LEATHANBHANDA AGUS RÍOMHTHEICNEOLAÍOCHT

Tá tábhacht straitéiseach le teacht a bheith ar cheangal leathanbhanda mar gheall ar an dóigh go ndéanfadh sin brostú leis an mborradh a chuirfeadh Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC) faoin bhforás eacnamaíoch ar fud na n-earnálacha ar fad, go gcuirfeadh sé leis an bhforbairt shóisialta agus cultúir, agus go mba fusa nuáil a dhéanamh dá bharr.

Cuireadh cúnamh leanúnach ar fáil do phobail éagsúla i rith na bliana 2006 le córas leathanbhanda snáthoptaice MANS a leagan amach agus an obair thógála a dhéanamh i mBaile Átha an Rí, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe, ar an gClochán agus sa Ghort.

CÚNAMH LE FIONTRAÍOCHT

Chuidigh an Chomhairle le roinnt tionscnamh fiontair phobail a fhorbairt ar fud an Chontae trí chistí a chur ar fáil go díreach dóibh le Deontais Eacnamaíoch.

Chomh maith leis sin, rinne an Chomhairle ceannródaíocht sa chomhobair idir Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo, Cumann Oideachais agus Forbartha Lucht Siúil Thuama agus Cumann Tráchtála Thuama chun clár teagmhála a thabhairt chun cinn lena gcuirfí Teastas Ardteistiméireachta san Fhorbairt Fhiontraíochta ar fáil i dTuaim sa bhliain 2007.

IOMPAR POIBLÍ

Rinne an Chomhairle ceannródaíocht maidir le páirtíocht Bhoird Forbartha na Cathrach agus an Chontae san athmheasúnú a rinne an Roinn Iompair mar gheall ar Shlí Iarnróid an Iarthair.

Cuireadh tús le dréachtscéim phíolótach maidir le foscadáin phobail

Seacród Bhaile Locha Riach

bus leis an obair phíolótach ar foscadáin a thabhairt chun cinn i limistéir a thagann faoi Thionscnamh Iompair na Tuaithe. Cuireadh Grúpa Comhairle ar bun chun seirbhís faoi Thionscnamh Iompair na Tuaithe a thabhairt chun cinn i dtuaisceart na Gaillimhe i gcomhar le Forbairt Pobail na Gaillimhe agus an Fóram Pobail.

INFRASTRUCHTÚR RIACHTANACH A THÓGÁIL

INFRASTRUCHTÚR UISCE AGUS UISCE DRAMHAÍOLA

Cuireadh tús nó rinneadh dul chun cinn leis an obair thógála ar an láithreán maidir le deich gcinn de scéimeanna i rith na bliana ar chostas measta €58.25m. Ullmhaíodh Tuairiscí Réamhoibre maidir le deich gcinn de scéimeanna, maidir le séarachas den chuid is mó, ar chostas measta €34.13m. Ullmhaíodh Doiciméid Chonarthaí maidir le seacht gcinn de scéimeanna ar chostas measta €65.7m.

CLÁR UISCE NA TUAITHE

Is ag cur feabhas ar chaighdeán an uisce ó ghrúpscéimeanna atá ann cheana féin is mó a chaitear an ciste do Chlár Uisce na Tuaithe.

TIONSCADAIL DBO

Tugadh ceithre scéim déag, scéimeanna séarachais den chuid is mó, arna ngrúpáil le chéile i cheithre cinn de ghrúpaí chun críche i rith na bliana 2006 ar chostas measta idir €1.05m agus €3.47m.

INFRASTRUCHTÚR MAIDIR LE BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

Glacadh le Plean Bhainistiú Dramhaíola Chonnacht i rith na bliana 2006. Tá Comhordaitheoir Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach fostaithe chun a chinntiú go dtarlaíonn comhordú agus cur i bhfeidhm den éifeacht ar an bplean. Tá trí cinn d'ionaid athchúrsála ag obair (Tuaim, an Clochán agus Béal Átha na Sluaighe) agus 93 ionad Banc Tabhartha suite ar fud an Chontae ina mbailítear gloine agus cannaí dí chun iad a athchúrsáil. Tá scéim shlánchóirithe bainistithe dramhaíola i bhfeidhm ag Timpeallacht na nOileán, de réir socrú páirtíochta leis an gComhairle, i ndáil le hOileáin Árann. Chuir an Chomhairle tús chomh maith leis na Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Feithiclí i nDeireadh a Ré) 2006 a thabhairt i bhfeidhm.

CLÁR STRAITÉISEACH NA GCÉIBHEANNA AGUS NA GCALAFORT

Rinneadh dul chun cinn suntasach ag cur an chláir leitheadaigh oibre faoi Chlár Straitéiseach Céibheanna agus Calafort na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chun cinn. I measc na mbeart suntasach a rinneadh, bhí siad seo a leanas: Fógra a fhoilsiú ag iarraidh Léiriú Spéise san OJEC do chonraitheoirí a thabharfadh faoin obair a bhaineann leis an athfhorbairt ar Chéibh Chill Rónáin, Inis Mór, iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála maidir leis an athfhorbairt ar Chéibh Chill Rónáin, Inis Mór, tuarascáil chríochnúil innealtóireachta ar an Staidéar ar Bhruth na dTonn agus Chreimeadh an Chósta ag Trá Ghoirtín / Port na Feadóige a thabhairt chun críche agus na hoibreacha Feabhsúcháin agus leathnaithe a thabhairt chun críche i gCill Chiaráin, mar ar tharla an oscailt oifigiúil an 22 Meán Fómhair 2006.

FORBAIRT LE CÓSTA AGUS CLÁR NA GCALAFORT IASCAIGH

Rinne an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maoiniú i gcomhar faoin gClár CLÁR ar Bheart Forbartha le Cósta lena bhféadfaí mionoibreacha deisiúcháin agus sábháilteachta a dhéanamh ar chéibheanna beaga agus slipeanna agus obair maidir le creimeadh an chósta a dhéanamh i gceantair a thagann faoi CLÁR, an Ghaeltacht agus na hoileáin san áireamh.

14

CAOMHNÚ AGUS FEABHSÚ AN CHOMHSHAOIL

AIDHM CHORPARÁIDE:
BAINISTIÚ A DHÉANAMH MAIDIR LEIS AN OIDHREACHT NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL SA CHONTAE IONAS GO NDÉANTAR FREASTAL DO RIACHTANAIS NA BPOBAL ÁITIÚIL FAOI LÁTHAIR CHOMH MAITH LENA CHINNTIÚ GUR FÉIDIR LEIS NA GLÚNTA ATÁ AG TEACHT MAIREACHTÁIL GO COMHSHOCAIR INA GCOMHSHAOL FÉIN.

COTHABHÁIL MAIDIR LE MONARCHANA UISCE AGUS UISCE DRAMHAÍOLA

Cuireadh córais aláraim / díghalraithe slán ón teip isteach ar dhá cheann agus fiche de scéimeanna beaga soláthair uisce. Rinneadh dul chun cinn maidir le Córas Bainistíochta Caighdeáin nua a chur ar bun i gcás ocht gcinn de scéimeanna séarachais i rith na bliana 2006 agus táthar i mbun oibre maidir le 7 gcinn eile de scéimeanna uisce.

CAOMHNÚ UISCE

Leagadh amach Limistéir Méadraithe Ceantair do na príomhréimsí Uirbeacha.

AN CREAT NÁISIÚNTA PRAGHASÁLA UISCE

Tugadh an Chéim DB (méadair a chur isteach) chun críche i rith na bliana 2006 agus deimhníodh leagan amach na bPraghsanna don bhliain 2007.

Eisíodh na billí deireanacha le táillí seasta do chustaiméirí reatha agus do chustaiméirí nua.

BAINISTIÚ SLODA

Thug Comhairleoirí an t-athbhreithniú ar an Straitéis Bainistithe Sloda do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe chun críche.

CÚRSAÍ MONATÓIREACHTA AGUS FORFHEIDHME MAIDIR LEIS AN GCOMHSHAOL

D'eisigh an Chomhairle fógraí forfheidhme agus cuireadh ionchúiseamh dlí ar siúl maidir le hAlt 18, Alt 55 agus Alt 71 an Achta um Bainistiú Dramhaíola 1996 go dtí 2003. Bhain na cásanna sin le dumpáil mídhleathach ar dhramhaíl, le húsáid mídhleathach as láithreáin chun dramhaíl agus feithiclí a fhágáil orthu.

D'eisigh an Chomhairle 82 imeacht forfheidhme maidir le gearáin faoi chúrsaí comhshaoil i rith na bliana 2006. I rith na tréimhse céanna, eisíodh 465 fíneáil láithreach maidir le cúrsaí bruscair.

BEARTA RIALAITHE AGUS FORFHEIDHME MAIDIR LEIS AN TÓGÁIL

Déantar gach iarratas pleanála a phróiseáil sa Bhrainse Rialú Pleanála de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, agus na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001. B'ionann líon na n-iarratas a tháinig i rith na bliana 2006 agus 5693.

TUISCINT AR FHIÚNTAS NA HOIDHREACHTA AGUS CAOMHNÚ AN OIDHREACHT

Tugadh 24 tionscadal ar luach €213, 860 i gcrích faoi Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe i rith na bliana 2006. Chuir an Oifig Oidhreachta ocht gcinn acu sin i bhfeidhm i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta: Smacht ar an Diúilicín Riabhach i Réigiún an Iarthair, An Duine agus an Dúlra: Togra Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, Suirbhéanna ar Thomanna Sceach, ar Reiligí agus ar Thithe Ceann Tuí, Sraith léachtaí ar an mBéaloideas, lámhleabhar dátheangach ar Mhodhanna Iniúchta i gCúrsaí Oidhreachta agus seoladh Clár do Chomhairleoirí faoi Shéadchomharthaí Amuigh i rith na bliana 2006 chomh maith.

Rinneadh Gradaim an Mhíle Órga agus Féilire an Mhíle Órga, Gradaim Oidhreachta agus Scéim Dheontas Oidhreachta a riar chomh maith san Oifig Oidhreachta chomh maith le hobair leanúnach i rith na bliana le pobail éagsúla trí na Gréasáin Oidhreacha agus i gcomhar le heagraíochtaí éagsúla.

CAOMHNÚ

Cuirtear sonraí faoi fhoirgnimh chosanta isteach ar Fhardal na Struchtúr Cosanta (RPS) atá ina chuid de phlean forbartha. Bhí 810 foirgneamh luaite ar Fhardal na Struchtúr Cosanta (RPS) ag deireadh na bliana 2006.

DEONTAIS CHAOMHNAITHE

Cuidítear trí Scéim na nDeontas Caomhnaithe, a fhógraítear uair sa bhliain, le hobair chaomhnaithe a dhéanamh ar Fhoirgnimh Chosanta nó ar Fhoirgnimh a bhfuil sé Beartaithe iad a Chosaint. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe €316,917 a riaradh i 2006.

POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

AIDHM CHORPARÁIDE:
TREISIÚ LE POBAIL ÁITIÚLA TRÍ ACMHAINNÍ AGUS SÓCMHAINNÍ POBAIL A CHUR AR FÁIL TRÍ CHAIDREAMH AGUS CÚNAMH FORBHEARTACH.

CLÁIR TITHÍOCHTA

Déanann an Chomhairle Measúnú reachtúil ar an Riachtanas le Tithíocht gach tréimhse trí bliana – ar an 31/03/05 a tharla an measúnú deireanach arbh é toradh a bhí air gur measadh go raibh riachtanas le tithíocht shóisialta do 883 iarratasóir. Nuair a chuirtear san áireamh na hiarratais a tháinig isteach ón tráth sin, bhí 1,447 iarrthóir ceadaithe ar an Liosta Feithimh maidir le Tithíocht ag deireadh na bliana 2006.

Léirítear sa tábla a leanas líon na dtithe a cuireadh ar fáil do dhaoine ar an liosta feithimh faoi na cláir seo i rith na bliana 2006:

Clár	Líon a cuireadh ar fáil
Tithe nua a chur ar fail	114
Tithe a chur ar fáil in athuair de bharr Folúntais gan choinne	79
Líon iomlán a cuireadh ar fáil sa bhliain 2006	193

D'oscail an tUasal Noel Ahern, an tAire Stáit atá freagrach as Tithíocht trí scéim tithíochta nua i mí Aibreáin 2006. Ag deireadh 2006, bhí 152 teach sóisialta á dtógáil faoi na scéimeanna a leanas:

Ina theannta sin, bhí 18 teach aonair faoin tuath breise á dtógáil in áiteanna éagsúla sa chontae.

TITHÍOCHT INACMHAINNE

Tá Clár Tithíochta Inacmhainne bunaithe agus go dtí seo tá 400 iarratas cláraithe. Leithroinntear aonaid inacmhainne de réir scéime do Thithíocht Inacmhainne, atá glactha ag an gComhairle. Cuireadh 259 Teach Inacmhainne in iomlán ar fáil i mBaile Locha Riach, sa Ghort, i bPort Omna, i dTuaim, sa Mhainistir, sa Chreagán, i dTíne agus i gCora Finne.

SAORÁIDÍ ÁINEASA & TAITNEAMHACHTA

Osclaíodh saoráid Linn Snámha agus Áineasa Thuama i mí an Mhárta 2006. Tugadh staidéar féidearthachta maidir le Linn Snámha Chonamara chun críche.

Dréachtaíodh moltaí mionsonraithe do Bhealach Siúlóide Loch Bhaile Locha Riach agus tá tús le cur le hoibreacha ar Chéim 1 i 2007.

Ceadaíodh cúnamh i dtreo soláthar clóis shúgartha i nGleann na Madadh, ar an gCnoc Breac, sa Ghort, ar an gClochán agus i mBaile Chláir na Gaillimhe agus cuireadh tús le hoibreacha ag Gleann na Madadh, ar an gCnoc Breac agus ar an gClochán. Chuir an Chomhairle tús le hoibreacha uasghrádaithe ar an gclós súgartha ag Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór freisin. Chuir an Chomhairle árachas ar fáil do na clóis shúgartha ag an gCloigeann, i mBaile Liam agus i mBaile Átha Mó.

Fuarthas cead pleanála Chuid 8 do pháirc súgartha, raon reatha, limistéar súgartha agus d'fhorbairt taitneamhachta ag Dunlo, Béal Átha na Sluaighe. Is é aidhm an tionscadail sin saoráidí spóirt ilchuspóra a sholáthar a ionchorpóidh raon reatha uile-aimsire 400m agus forbairt suímh ghaolmhar. Ullmhaíodh tairiscintí do chonradh ag deireadh 2006. Ina theannta sin, fuarthas pleanáil Chuid 8 do pháirc súgartha agus do chlós súgartha ag Kilgarve, Béal Átha na Sluaighe.

Cuireadh an chéad ghné de Pholasaí Áineasa agus Taitneamhachta a dhéileálann le clóis shúgartha i láthair an SPC agus na Comhairle agus fuarthas cead. Cuireadh tús le hobair ar ullmhú Straitéis Áineasa agus Taitneamhachta a ullmhú agus eisíodh ceistiúchán chuig gach Grúpa Pobail ar an bhFóram Pobail agus Deonach.

RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL IN OIBREACHA BÓTHAIR

Lean an Chomhairle ag cur Rannpháirtíocht an Phobail sa Scéim Oibreacha Bóthair chun cinn mar shlí chun tacaíocht an phobail a fháil d'oibreacha bóthair ar bhóithre neamhnáisiúnta oiriúnacha. Fuarthas 119 iarratas in iomlán chun leas a bhaint as scéim 2006. I ndiaidh measúnú a bheith déanta, moladh 103 chun maoiniú a fháil. Deonaíodh ceadú sealadach do 60 scéim i 2006.

Soláthraíodh suim de €198,575 ón Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe agus suim bhreise de €242,445 ón Deontas Cothabhála

Tithíocht Incheannaith i gCarna

Athchóirithe agus b'ionann an buiséad iomlán a cuireadh ar fáil don scéim agus €441,020.

SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA:

I bhfianaise deis a bheith curtha ar fáil de bharr Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla chun cúnamh a thabhairt maidir le bóithre neamhphoiblí a thógáil nó a fheabhsú, lean an Chomhairle ag cur na scéime sin chun cinn i rith na bliana 2006. Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil deontas €1,603,795 ar fáil sa bhliain 2006, suim a raibh ardú 93% i gceist leis i gcomparáid le suim na bliana 2005. D'fhág sin gurbh fhéidir 66 scéim a thairiscint ar chostas iomlán €1,833,340.

SCÉIMEANNA POBAIL MAIDIR LE BÓITHRE DE CHINEÁLACHA EILE

Cheadaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta deontas €230,250 d'obair fheabhsúcháin ar naoi gcinn déag de bhóithre áitiúla neamhphoiblí i limistéir Ghaeltachta.

ATHNUACHAN AGUS FEABHSÚCHÁN AR SHRÁIDBHAILTE AGUS FAOIN TUATH

Chuir an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta airgead deontais ar fáil faoin mbeart chun Athnuachan a Dhéanamh ar Shráidbhailte maidir le hobair sna sráidbhailte seo a leanas:

An Cheathrú Rua:	Leanúint den obair ar chosáin, colbha an bhóthair, ballaí agus an duchtra.
Carna:	Cosáin a chur isteach i lár an tSráidbhaile.
Cill Chiaráin:	Leanúint ag leathnú na gcosán agus ag cur cosáin isteach.
Ros a' Mhíl:	Ballaí a chur siar, cosáin agus duchtra a chur ar fáil.
Camus:	Cosáin, sconsaí agus soilse a chur ar fáil.
Leitir Móir:	Leanúint le ceangal an chosáin le hOifig an Phoist.
Indreabhán:	Ballaí teorainn a ardú le taobh an bhóthair.
An Spideál:	Bealach siúlóide le cladach idir an tSeanchéibh agus an Chéibh Nua.
Corr na Mona:	An chéad chéim den obair ar dhroichead na gcoisithe.
Maigh Cuilinn:	Cosáin a chur ar fáil.
Na Forbacha:	Dromchla nua a chur ar na cosáin.
Ros Muc:	An balla teorainn a shocrú siar ón áit a bhfuil sé agus léargas níos fearr a fhágáil thart ar scoil an Choiste Gairmoideachais.

Tithíocht Sóisialta ag An Leitir Meallain

Lean an Chomhairle, i gcomhar le CLÁR, na cuideachtaí LEADER a bhaineann le hábhar agus leis na pobail áitiúla, ag freastal ar thionscadail faoin Scéim Feabhsúchán ar Shráidbhailte agus faoin Tuath. Rinneadh dul chun cinn maidir leis na tionscadail sna háiteanna seo a leanas i rith na bliana 2006:

Baile an Mhuilinn:	Oibreacha feabhsúcháin ag an ionad taitneamhachta.
Baile Liam:	Ionad spraoi le dromchla sábháilteachta.
Cill Choirín:	Oibreacha feabhsúcháin lena mbaineann soilse poiblí maisitheacha.
An Cloigeann:	Ionad spraoi le dromchla sábháilteachta.
An Dún Mór:	Dul chun cinn maidir le tionscadal an bhealaigh siúlóide cois abhann.
Sraith Salach:	Ionad spraoi le dromchla sábháilteachta.
Na Creaga:	Oibreacha feabhsúcháin lena mbaineann soilse poiblí maisitheacha.
An Caiseal:	Ionad spraoi le dromchla sábháilteachta.
An Mám:	Ionad spraoi le dromchla sábháilteachta.

Leanann an Chomhairle ag feidhmiú na gcumhachtaí faoi Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 chun iallach a chur ar úinéirí fhoirgneamh nó thailte nach ndéantar cúram dóibh, atá titithe nó a bhfuil míchuma orthu beart feabhsúcháin a dhéanamh chun an cás a chur ina cheart. Tá líon is airde ná 300 láithreán faoi scrúdú agus 45 acu sin curtha síos ar Chlár na Láithreáin Thréigthe. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na láithreáin ar fad ar fud an Chontae chun na taifid a thabhairt i leith na linne.

Leathnaíodh an Clár CLÁR agus tugadh limistéir nua i gContae na Gaillimhe faoina scáth. D'oibirgh an Chomhairle i gcomhar le cuideachtaí LEADER sa Chontae chun iarratais faoi Scéim na gComharthaí d'Fheabhsúchán Sráidbhailte agus Scéim na gComharthaí Dátheangacha a chur chun cinn.

Lean an Chomhairle ag freastal don chlár RAPID i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe agus tugadh cúnamh don phobal áitiúil ar an dá bhaile páirt a ghlacadh sna Meithil Feidhme Ceantair. I measc na dtionscadal ar tugadh cúnamh ina leith trí RAPID i rith na bliana 2006 bhí Scéimeanna Teilifíse Cúngraoin bunaithe sa phobal i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe.

Tugadh ceadú do thionscadail ar an dá bhaile faoi na Cistí Leverage a chuireann Ranna Rialtais ar fáil, an Scéim maidir le Bearta Suaimhniú Tráchta, Scéim Feabhsúcháin na nEastát Tithíochta, Scéim na nIonad Spraoi agus an Ciste Caipitil Spóirt ina measc.

I measc réimse tionscnamh éagsúil ar mhionscála chun cur le hacmhainn phobail ina gceantar áitiúil féin, bhí cúnamh maidir le staidéar féidearthachta agus oiliúint ar thionóntaí. Tugadh cúnamh maidir le turais chuairte chuig ceantair eile RAPID chomh maith. Rinneadh anailís faoi RAPID chomh maith ar an ngá le feabhas ar an tseirbhís iompair phoiblí, agus an t-éileamh atá air sin, i ngach ceann de na bailte. Tugadh deontas beag d'eagraíocht an Lucht Siúil i dTuaim chun athchúrsáil a chur chun cinn ar an mbaile sin chomh maith le togra gairdín poiblí ar cuireadh tús leis ar Eastát Comhairle na Páirce Móire.

SEIRBHÍSÍ POBAIL, SEIRBHÍSÍ TEAGMHÁLA AGUS OIDEACHAIS A SHOLÁTHAR

CLÁR FORBARTHA MAIDIR LE LEABHARLANNA

Tá trí cinn de leabharlanna lánaimseartha sainiúla ag Seirbhís Leabharlannaíochta na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe chomh maith le seacht gcinn d'áiseanna leabharlainne lánaimseartha agus seacht gcinn déag d'fho-leabharlanna ar fud an Chontae, na hoileáin san áireamh. Tugtar leabhair go dtí bailte beag agus sráidbhailte go leor trí sheirbhís Leabharlannaíochta Soghluaiste agus déantar freastal ar níos mó ná 200 bunscoil le seirbhísí Leabharlannaíochta Soghluaiste maidir le Leabhair Scoile. Déantar beagnach 500,000 leabhar in aghaidh na bliana a eisiúint le lucht úsáide leabharlainne agus a ghlacadh ar ais uathu.

Tharla forbairt chaipitil sna hionaid seo a leanas i rith na bliana 2006:

- Fuarthas tairiscintí maidir le Leabharlann Nua sa Dún Mór
- Rinneadh dul chun cinn maidir le leabharlann nua i mBéal Átha na Sluaighe trí fhoirgneamh an chlochair a cheannach.
- Rinneadh athchóiriú agus fairsingiú ar Bhrainse na Leabharlainne i gCill Íomair
- Chuir Comhar Creidmheasa Bhaile Locha Riach tús leis an obair athchóirithe ar an bhfoirgneamh atá acu i nGráig na Muilte Iarainn. Nuair a bheidh an obair sin críochnaithe, beidh spás ar fáil ann do Bhrainse na Gráige den Leabharlann.

SCÉIM NA MAOR POBAIL

Aontaíodh ar bhonn buanaíochta leis an scéim phíolótach do Mhaoir Pobail i rith na bliana agus reáchtáladh agallaimh do phoist bhuana. Aontaíodh mar gheall ar thograí faoi shocruithe leasaithe don tuairiscíocht chomh maith. Seirbhís de chuid an údaráis áitiúil an tseirbhís a chuireann na Maoir Phobail, a chaitheann éide, ar fáil agus baineann forfheidhmiú ar réimse leathan d'fheidhmeanna an údaráis áitiúil leis, e.g. cionta stad feithiclí, diúscairt dramhaíola/dumpáil mídhleathach, forfheidhmiú maidir le bruscar, bac ar chosáin, trádáil neamhfhoirmiúil, ceadúnais madraí, monatóireacht ar eastáit tithíochta, áiseanna turasóirí, leithris phoiblí agus cuidiú le turasóirí, daoine aosta, scéimeanna faire pobail/pobal ar aire, etc.

REILIGÍ AGUS LEITHRIS PHOIBLÍ

Tá 225 reilig suite ar fud an Chontae.

Cuireadh Leithris Phoiblí Uathoibreacha isteach i mBaile Locha Riach agus i dTuaim.

TUISCINT AR CHÚRSAÍ COMHSHAOIL

D'éirigh thar cionn le cur i bhfeidhm chlár na Scoileanna Glasa agus bronnadh an Bhratach Glas ar 104 scoil. Cuireadh fógra in aghaidh an bhruscair lenar díríodh aird ar a thábhachtaí atá sé an timpeallacht áitiúil a chosaint agus a fheabhsú ar siúl sna pictiúrlanna áitiúla i rith na bliana.

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

